BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Mór-Dhlísheomra)

11 Meán Fómhair 2024*

(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Clárú ainmneacha na n-iarratasóirí ar an liosta – Oibleagáid tuairisc a thabhairt ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha ar leis na hiarratasóirí iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú – Oibleagáid maidir le comhar leis an údarás inniúil náisiúnta – Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta sriantacha – Airteagal 9(2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 – Caingean le haghaidh neamhniú – *Locus standi* – Cúram díreach – Gníomh reachtach nach bhfuil beart cur chun feidhme ag baint leis – Leas in imeachtaí a thionscnamh – Inghlacthacht – Dlínse na Comhairle – Comhréireacht)

I gCás T-635/22,

Mikhail Fridman, atá ina chónaí i Londain (an Ríocht Aontaithe),

Petr Aven, atá ina chónaí in Virginia Water (an Ríocht Aontaithe),

German Khan, atá ina chónaí i Londain,

dá ndéanann T. Marembert agus A. Bass, Dlíodóirí, ionadaíocht

iarratasóirí,

v

Comhairle an Aontais Eorpaigh, dá ndéanann S. Van Overmeire agus J. Rurarz, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht, le cúnamh ó B. Maingain, Dlíodóir,

cosantóir,

le tacaíocht ó

Ríocht na Beilge, dá ndéanann C. Pochet, M. Van Regemorter agus L. Van den Broeck, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

ó

* Teanga an cháis: an Fhraincis

Phoblacht na Laitvia, dá ndéanann K. Pommere agus J. Davidoviča, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

ó

an Coimisiún Eorpach, dá ndéanann H. Krämer, C. Giolito, M. Carpus Carcea agus L. Puccio, i gcáil Gníomhairí, ionadaíocht,

idiragraithe,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. van der Woude, Uachtarán, S. Papasavvas, D. Spielmann (Rapóirtéir), M. J. Costeira, K. Kowalik-Bańczyk, S. Gervasoni, L. Madise, N. Półtorak, M. Brkan, I. Gâlea, I. Dimitrakopoulos, D. Kukovec, S. Kingston, T. Tóth agus S. L. Kalėda, Breithiúna,

Cláraitheoir: H. Eriksson, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 11 Eanáir 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, Mikhail Fridman, Petr Aven agus German Khan, go gcuirfí Rialachán (AE) 2022/1273 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 194, lch. 1; 'an Rialachán atá faoi chonspóid'), a mhéid a bhaineann sé leo, agus dá bhrí sin tagraíonn siad go sonrach d'Airteagal 1(4) den Rialachán atá faoi chonspóid a mhéid a leasaítear leis Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 6), trí oibleagáidí a chur isteach maidir le tuairisc a thabhairt ar chistí agus maidir le comhar leis an údarás inniúil náisiúnta ina leith sin (Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú) agus trí chaitheamh le mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh mar imchéimniú na mbeart maidir le reo na gcistí (Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú) ('na forálacha faoi chonspóid').

Cúlra na díospóide

2 Is fir ghnó de náisiúntacht Rúiseach agus Iosraelach iad na hiarratasóirí a mhéid a bhaineann le Fridman agus Khan agus de náisiúntacht Rúiseach agus Laitviach a mhéid a bhaineann le Aven.

3 I mí an Mhárta 2014, rinne Cónaidhm na Rúise Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol a ionghabháil agus lean sí de ghníomhaíochtaí díchobhsaithe in oirthear na hÚcráine ó shin i leith. Ag an am céanna, chuaigh gluaiseachtaí scarúnaíocha ar son na Rúise i gcoinbhleacht armtha le rialtas na hÚcráine i réigiúin Donetsk agus Luhansk.

4 An 17 Márta 2014, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh, ar bhonn, *inter alia*, Airteagal 29 CAE, Cinneadh (CBES) 2014/145 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2014 L 78, lch. 16). An lá céanna, ghlac sí, ar bhonn Airteagal 215 CFAE, Rialachán Uimh. 269/2014. Sna laethanta ina dhiaidh sin, thug fórsaí armtha na Rúise faoi oibríochtaí cogaidh ar fud na hÚcráine, atá ar siúl go dtí seo.

5 An 21 Feabhra 2022, shínigh Uachtarán Chónaidhm na Rúise foraithne inar aithníodh neamhspleáchas agus ceannasacht 'Dhaon-Phoblacht Donetsk' agus 'Dhaon-Phoblacht Luhansk', féinfhógartha araon, agus d'ordaigh sé d'fhórsaí armtha na Rúise dul isteach sna limistéir sin.

6 An 22 Feabhra 2022, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') dearbhú thar ceann an Aontais Eorpaigh lenar cáineadh na gníomhartha sin, ós rud é gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta iad. D'fhógair sé go bhfreagródh an tAontas do na sáruithe is déanaí sin ag Cónaidhm na Rúise trí bhearta breise sriantacha a ghlacadh mar ábhar práinne.

7 Sa chomhthéacs sin, ghlac an Chomhairle roinnt bearta sriantacha. Cuireadh ainmneacha na n-iarratasóirí isteach le Cinneadh (CBES) 2022/337 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2022 L 59, lch. 1) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/336 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2022 L 58, lch. 1), a mhéid a bhaineann le Aven agus Fridman, agus le Cinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2022 L 87 I, lch. 44), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2022 L 87 I, lch. 1), a mhéid a bhaineann le Khan, a choimeádtar ina dhiaidh sin ar liostaí na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014. Bhí na bearta sriantacha sin ina n-ábhar do chaingean le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte Ginearálta (Cásanna T-301/22, *Aven* v *an Chomhairle*, T-304/22, *Fridman* v *an Chomhairle*, agus T-333/22, *Khan* v *an Chomhairle*).

8 Ar dháta glactha na ngníomhartha dá dtagraítear i bpointe 7 thuas, foráiltear le hAirteagal 2 de Rialachán Uimh. 269/2014 mar seo a leanas:

'1. Maidir leis na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí iad, nó daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin, déanfar iad a reo.

2. Ní chuirfear aon chiste ná acmhainn eacnamaíoch ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis, do chomhlachtaí, nó do dhaoine nádúrtha nó

dlítheanacha, d'eintitis, nó do chomhlachtaí a bhaineann leo, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, ná ní chuirfear chun sochair dóibh iad.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 9 den Rialachán sin go '[dt]oirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2'. [Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 15 den Rialachán sin mar seo a leanas:

'1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra gan mhoill don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad fógra dó faoi aon leasú ina dhiaidh sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 An 3 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2022/880 lena leasaítear Rialachán Uimh. 269/2014 (IO 2022 L 153, lch. 75), agus í den tuairim, *inter alia*, gurb iomchuí na forálacha maidir le pionóis náisiúnta i gcás sárú na mbeart sa Rialachán sin a shoiléiriú agus a neartú (aithris 2 de Rialachán 2022/880).

12 Foráiltear le hAirteagal 15(1) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú:

'Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla de réir mar is iomchuí, is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit foráil freisin maidir le bearta iomchuí chun fáltais sáruithe den sórt sin a choigistiú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 An 21 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle, ar bhonn, *inter alia*, Airteagal 29 CAE, Cinneadh (CBES) 2022/1272 lena leasaítear Cinneadh 2014/145 (IO 2022 L 193, lch. 219). Leis an gcinneadh sin, tugadh isteach leis maoluithe breise ar an reo sócmhainní agus ar an toirmeasc ar chistí agus sócmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil do dhaoine agus eintitis ainmnithe.

14 An lá céanna, glacadh an Rialachán atá faoi chonspóid, go háirithe ar bhonn Airteagal 215 CFAE. Foráiltear leis an Rialachán sin, in aithris 5, mar seo a leanas:

'Chun cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a áirithiú, agus i bhfianaise chastacht mhéadaitheach na scéimeanna um smachtbhannaí a sheachaint, a chuireann bac ar an gcur chun feidhme sin, is gá a chur d'oibleagáid ar dhaoine agus eintitis ainmnithe a bhfuil sócmhainní acu laistigh de dhlínse an Aontais na sócmhainní sin a thuairisciú agus oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil i bhfíorú an tuairiscithe sin. Is iomchuí freisin na forálacha maidir le hoibleagáidí tuairiscithe le haghaidh oibreoirí an Aontais a neartú, d'fhonn sárú

agus imchéimniú an reo sócmhainní a chosc. Aon mhainneachtain an oibleagáid seo a urramú, is éard a bheadh inti, imchéimniú an reo sócmhainní agus bheadh sí faoi réir pionós má chomhlíontar na coinníollacha maidir leis na pionóis sin faoi na rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Leis an Rialachán atá faoi chonspóid, leasaigh an Chomhairle Rialachán Uimh. 269/2014 trí fhoráil a dhéanamh, in Airteagal 1(1) go (3) de, do na maoluithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2022/1272. Foráiltear le hAirteagal 1(4) den Rialachán atá faoi chonspóid go gcuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9 de Rialachán Uimh. 269/2014:

'Airteagal 9

1. Toirmeascfar páirt a ghlacadh, go feasach agus d'aon turas, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2.

2. Daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis a thuairisciú roimh an 1 Meán Fómhair 2022, nó laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, cibé acu is déanaí, faoi chistí nó sócmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leis iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na sócmhainní eacnamaíocha sin lonnaithe; agus

(b) oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le haon fíorú faisnéise den sórt sin.

3. Déanfar mainneachtain maidir le mír 2 a chomhlíonadh a mheas mar rannpháirtíocht, dá dtagraítear i mír 1, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2.

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

16 Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

– an Rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leo, a mhéid a shonraítear i mír 1 thuas;

– a ordú don Chomhairle na costais a íoc.

17 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean le haghaidh neamhniú a dhíbhe toisc í a bheith neamh-inghlactha agus, mar mhalairt air sin, gan bhunús;

– a ordú do na hiarratasóirí na costais a íoc.

18 Iarrann Ríocht na Beilge, Poblacht na Laitvia agus an Coimisiún Eorpach go ndéanfaí an chaingean a dhíbhe toisc í a bheith neamh-inghlactha nó, mar mhalairt air sin, gan bhunús.

An dlí lena mbaineann

Inghlacthacht na caingne

19 Áitíonn an Chomhairle, le tacaíocht ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún, nach mbaineann na forálacha atá faoi chonspóid go díreach agus go leithleach leis na hiarratasóirí. Maíonn sí gur cuireadh a n-ainmneacha leis na liostaí atá faoi dhíospóid lena bhforchuirtear bearta sriantacha orthu le Cinneadh 2022/337 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/336, maidir le Aven agus Fridman, agus le Cinneadh 2022/429 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2022/427 maidir le Khan, ar gníomhartha iad a bhaineann leo go leithleach agus go díreach agus a bhí ina n-ábhar do chaingean le haghaidh neamhniú (féach mír 7 thuas).

20 Deir an Coimisiún freisin nach beart é an Rialachán atá faoi chonspóid a bhaineann go díreach leis na hiarratasóirí agus nach n-áirítear ann bearta cur chun feidhme. Go háirithe, ceanglaítear le hAirteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, measúnú cás ar chás agus forfheidhmiú pionós leis an dlí náisiúnta.

21 Deir Ríocht na Beilge freisin go bhfuil sé líomhnaithe cheana féin sócmhainní na n-iarratasóirí faoi dhlínse na mBallstát a bheith reoite trí bhíthin na ngníomhartha atá faoi chonspóid sna caingne i gCásanna T-301/22, *Aven* v *an Chomhairle*, T-304/22, *Fridman* v *an Chomhairle*, agus T-333/22, *Khan* v *an Chomhairle*. Dá bhrí sin, níl aon leas ag na hiarratasóirí an chaingean seo a thionscnamh, mura bhfuil siad tar éis dul timpeall ar na bearta sriantacha a raibh siad faoina réir, ag súil go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag déanamh amhlaidh leis an gcaingean seo.

22 Mhaígh Poblacht na Laitvia ag an éisteacht gur bhain na forálacha atá faoi chonspóid le catagóir daoine a shamhlaítear ar bhealach ginearálta agus teibí agus nár léirigh na hiarratasóirí aon imthoisc eile lena ndeimhnítear go raibh baint níos mó acu nó go ndearnadh idirdhealú níos mó eatarthu leis an mbeart atá faoi chonspóid ná na daoine eile a bhaineann leis an gcatagóir sin.

23 Déanann na hiarratasóirí agóid i gcoinne na n-argóintí sin.

24 Ba cheart a mheabhrú, i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, go bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa chéad mhír agus sa dara mír, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gníomh a díríodh chuig an duine sin (an chéad abairt) nó gnímh is dá chúram go díreach agus go leithleach (an dara habairt), agus in aghaidh gníomh rialúcháin is dá chúram go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis (an tríú habairt).

25 Tá an coinníoll maidir le cúram díreach coiteann don dara agus don tríú habairt den cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE agus, de réir an chásdlí, tá an bhrí chéanna leis i ngach ceann de na habairtí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Iúil 2022, *Nord Stream 2* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-348/20 P, EU:C:2022:548, mír 73). De réir an chásdlí shocair, maidir leis an gcoinníoll nach mór baint dhíreach a bheith ag duine nádúrtha nó dlítheanach leis an mbeart is ábhar don chaingean, ní mór dhá choinníoll charnacha a chomhlíonadh, eadhon, ar thaobh

amháin, nach mór don bheart atá faoi chonspóid difear díreach a dhéanamh do staid dhlíthiúil an duine sin agus, ar an taobh eile, nach mór dó aon lánrogha a fhágáil dóibh siúd atá freagrach as a chur chun feidhme, eadhon, an cur chun feidhme sin a bheith uathoibríoch amháin agus a eascraíonn as rialacha an Aontais amháin, gan rialacha idirmheánacha eile a chur i bhfeidhm (féach breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *an Chomhairle (Éifeacht ar thríú Stát)*, C-872/19 P, EU:C:2021:507, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear; breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2018, *Rosneft agus páirtithe eile* v *an Chomhairle*, T-715/14, nár foilsíodh, EU:T:2018:544, mír 65).

26 Thairis sin, de réir chásdlí socair na Cúirte, ní mór an frása 'nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis', de réir bhrí an tríú habairt den cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, a léiriú i bhfianaise chuspóir na forála sin, arb é, mar is léir óna stair reachtach, cosc a chur ar iallach a chur ar dhuine aonair an dlí a shárú chun rochtain a fháil ar chúirt. I gcás ina ndéanfaidh gníomh reachtach difear díreach do staid dhlíthiúil duine nádúrtha nó dhlítheanaigh gan gá le bearta cur chun feidhme, tá an baol ann go mbainfear cosaint bhreithiúnach éifeachtach den duine sin mura bhfuil leigheas dlí aige os comhair bhreithiúnacht an Aontais chun amhras a chaitheamh ar dhlíthiúlacht an ghnímh reachtaigh sin. In éagmais bearta cur chun feidhme, ní bheadh duine nádúrtha nó dlítheanach, cé go bhfuil baint dhíreach aige leis an ngníomh atá i gceist, in ann athbhreithniú breithiúnach a fháil ar an ngníomh sin ach amháin tar éis dó forálacha an ghnímh sin a shárú trí neamhdhleathacht na bhforálacha sin a phléadáil in imeachtaí arna dtionscnamh ina choinne os comhair na gcúirteanna náisiúnta (breithiúnais an 19 Nollaig 2013, *Telefónica* v *an Coimisiún*, C-274/12 P, EU:C:2013:852, mír 27, agus an 6 Samhain 2018, *Scuola Elementare Maria Montessori* v *an Coimisiún*, *an Coimisiún* v *Scuola Elementare Maria Montessori*, agus *an Coimisiún* v *Ferracci*, C-622/16 P go C-624/16 P, EU:C:2018:873, mír 58). Thairis sin, dhearbhaigh an Chúirt arís agus arís eile, chun a mheas an bhfuil bearta cur chun feidhme i gceist le gníomh reachtach, gur gá breithniú a dhéanamh ar sheasamh an duine a mhaíonn an ceart chun imeachtaí a thionscnamh faoin tríú habairt den cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE (féach breithiúnas an 6 Samhain 2018, *Scuola Elementare Maria Montessori* v *an Coimisiún*, *an Coimisiún* v *Scuola Elementare Maria Montessori*, agus *an Coimisiún* v *Ferracci*, C-622/16 P go C-624/16 P, EU:C:2018:873, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Sa chás seo, is de chineál rialála iad na forálacha atá faoi chonspóid de réir bhrí na habairte deireanaí den cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, sa mhéid go bhfuil feidhm ghinearálta acu agus gur glacadh iad ar bhonn Airteagal 215 CFAE, i gcomhréir leis an nós imeachta neamhreachtach a leagtar síos san fhoráil sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meitheamh 2021, *Veiniséala* v *an Chomhairle (Éifeacht ar thríú Stát)*, C-872/19 P, EU:C:2021:507, mír 92).

28 Ina theannta sin, baineann na forálacha atá faoi chonspóid le daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú.

29 Nuair a tionscnaíodh a gcaingean, áfach, cuireadh ainmneacha na n-iarratasóirí san áireamh in Iarscríbhinn I, ón 28 Feabhra 2022 maidir le Aven agus Fridman, agus ón 15 Márta 2022 maidir le Khan (féach mír 7 thuas).

30 Dá bhrí sin, ón 21 Iúil 2022, dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá faoi chonspóid, tá na hiarratasóirí faoi réir na n-oibleagáidí atá i gceist, eadhon an oibleagáid a gcistí nó a n-acmhainní eacnamaíocha a dhearbhú roimh an 1 Meán Fómhair 2022 agus an oibleagáid comhoibriú leis na húdaráis náisiúnta inniúla, de bhun Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú.

Thairis sin, faoi Airteagal 9(3) den Rialachán sin, déanfar mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh a aicmiú mar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta sriantacha um reo na gcistí.

31 Ní mór a thabhairt le tuiscint, dá bhrí sin, go ndéanann na forálacha atá faoi chonspóid difear díreach do na hiarratasóirí, ós rud é go ndéanann siad difear díreach dá staid dhlíthiúil. Tá feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar, chomh maith le héifeachtaí a neamhchomhlíonta, maidir leis na hiarratasóirí mar dhaoine a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014 tráth theacht i bhfeidhm na bhforálacha sin. Ina theannta sin, ní éilíonn cur i bhfeidhm na bhforálacha sin maidir leis na hiarratasóirí go nglacfaí aon bheart cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát, rud a d'admhaigh an Chomhairle ag an éisteacht, agus ní fhágann sé aon lánrogha dóibh siúd atá freagrach as a chur chun feidhme, ionas gur uathoibríoch amháin a bheidh a n-éifeacht ar staid dhlíthiúil na n-iarratasóirí.

32 Dá bhrí sin, is gníomhartha reachtacha iad na forálacha atá faoi chonspóid a bhfuil baint dhíreach acu leis na hiarratasóirí agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme i gceist leo de réir bhrí an chásdlí is infheidhme.

33 Ní chuirtear an cinneadh sin ó bhail le tagairt na Comhairle do bhreithiúnas an 28 Eanáir 2016, *Azarov* v *an Chomhairle* (T-332/14, nár foilsíodh, EU:T:2016:48, míreanna 59 agus 60), ná leis an gcinneadh maidir le neamh-inghlacthacht ar an bhforas nach bhfuil baint dhíreach ag an iarratasóir leis. Sa bhreithiúnas sin, díríodh an chaingean, *inter alia*, i gcoinne gníomhartha lenar leasaíodh na critéir ainmniúcháin maidir le reo na gcistí i ndáil le daoine atá freagrach as míleithreasú chistí Stát na hÚcráine. Measadh go raibh sé neamh-inghlactha a mhéid a bhí sé dírithe i gcoinne na ngníomhartha sin, ós rud é, go bunúsach, nach raibh éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha sin ach amháin maidir le catagóirí daoine agus eintiteas a bheartaítear ar bhealach ginearálta agus teibí agus nach raibh aon bhaint aonair ná dhíreach acu leis an iarratasóir sa chás sin.

34 Sa chás seo, ar an taobh eile, déanann na forálacha atá faoi chonspóid difear díreach agus láithreach do staid dhlíthiúil na n-iarratasóirí, gan a cheangal ar na húdaráis atá freagrach as na hoibleagáidí sin a chur chun feidhme bearta cur chun feidhme a ghlacadh. Dá bhrí sin, bheadh na hiarratasóirí i mbaol cosaint bhreithiúnach éifeachtach a bhaint díobh mura raibh leigheas dlí acu os comhair bhreithiúnacht an Aontais chun amhras a chaitheamh ar dhlíthiúlacht na bhforálacha sin.

35 Dá réir sin, tá seasamh ag na hiarratasóirí chun caingean a thionscnamh chun na forálacha atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

36 Áitíonn Ríocht na Beilge nach bhfuil aon leas ag na hiarratasóirí sa chaingean seo a thionscnamh, ós rud é go nglactar leis go bhfuil a gcuid sócmhainní go léir in ainm reoite cheana féin, mura bhfuil siad tar éis dul timpeall ar na bearta sriantacha a raibh siad faoina réir, ag súil go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh ag déanamh amhlaidh leis an gcaingean seo.

37 Ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, go bhfuil inghlacthacht caingne le haghaidh neamhniú arna tionscnamh ag duine nádúrtha nó dlítheanach faoi réir an choinníll go bhfuil leas ag an duine sin i neamhniú an bhirt atá faoi chonspóid. Éilíonn leas den sórt sin nach mór go mbeadh sé d'acmhainn ag neamhniú an ghnímh sin iarmhairtí dlíthiúla a bheith aige ann féin agus go bhféadfadh an chaingean, dá bhrí sin, tairbhe a thabhairt don pháirtí a thug í, de bharr a toraidh

(féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Stichting Woonlinie agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-133/12 P, EU:C:2014:105, mír 54 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus ordú an 18 Eanáir 2023, *Seifert* v *an Chomhairle*, T-166/22, nár foilsíodh, EU:T:2023:13, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór leas iarratasóra in imeachtaí a thionscnamh a bheith dílsithe agus reatha agus ní féidir leis baint a bheith aige le cás a bheidh ann amach anseo agus le cás hipitéiseach (féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2015, *Mory agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-33/14 P, EU:C:2015:609, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Sa chás seo, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha atá i gceist dearbhaithe nó reoite ag na hiarratasóirí nó ag daoine eile agus, i gcás inarb iomchuí, cé acu atá nó nach bhfuil siad tar éis comhoibriú leis na húdaráis inniúla, nó cé acu atá nó nach bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin reoite, tá leas acu i gcónaí neamhniú na bhforálacha atá faoi chonspóid a fháil, lena bhforchuirtear orthu oibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar, a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith acu dóibh dá mainneofaí iad a chomhlíonadh. Ní imíonn an leas in imeachtaí a thionscnamh ar an bhforas go bhfuil na hoibleagáidí a dhíospóideann sé comhlíonta ag an iarratasóir (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Meán Fómhair 1985, *Hoogovens Groep* v *an Coimisiún*, 172/83 agus 226/83, EU:C:1985:355, mír 19, agus an 15 Nollaig 1999, *Kesko* v *an Coimisiún*, T-22/97, EU:T:1999:327, míreanna 55 go 65), nó fiú ar an bhforas gur tríú páirtí a rinne iad (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Márta 1979, *Simmenthal* v *an Coimisiún*, 92/78, EU:C:1979:53, mír 32). Dá bhrí sin, leantar de leas na n-iarratasóirí in imeachtaí a thionscnamh a shuíomh gan gá dóibh a léiriú, mar atá intuigthe ag argóint Ríocht na Beilge, gur mhainnigh siad a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint Phoblacht na Beilge.

39 Ina theannta sin, tá comhthuiscint ann nach bhfuil díothú na n-oibleagáidí go léir a leagtar síos sna forálacha atá faoi chonspóid i gceist le comhlíonadh na hoibleagáide tuairiscithe. A luaithe a thuairiscítear na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha don údarás inniúil náisiúnta, ceanglaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, ar na daoine a thuairiscigh go bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú comhoibriú leis an údarás náisiúnta sin chun críocha aon fhíoraithe. Dá bhrí sin, coinníonn na hiarratasóirí leas dílsithe agus reatha in imeachtaí a thionscnamh i gcoinne fhorálacha Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú.

40 Maidir le forálacha Airteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, tá an t-aicmiú mar rannpháirtíocht in imchéimniú na mbeart sriantach dá bhforáiltear ann comhsheasmhach leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 9(2) den Rialachán sin, rud a fhágann go bhfuil leas dílsithe agus reatha ag na hiarratasóirí in imeachtaí a thionscnamh i gcoinne na bhforálacha sin.

41 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint Ríocht na Beilge nach bhfuil leas dlíthiúil ag na hiarratasóirí an chaingean seo a thionscnamh.

42 Is léir ón méid sin roimhe seo go bhfuil an chaingean inghlactha.

Substaint an cháis

43 Maíonn na hiarratasóirí dhá shaincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, easpa bunús dlí agus sárú ar Airteagal 215 CFAE agus sárú ar phrionsabail na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla agus, ar an dara dul síos, easpa bunús dlí agus sárú ar Airteagail 4, 5, 25 agus 40 CAE agus ar Airteagail 3, 4, 82, 83 agus 215 CFAE, ar an bhforas gur ghníomhaigh an Chomhairle mar reachtóir coiriúil.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear easpa bunús dlí agus sárú ar Airteagal 215 CFAE agus sárú ar phrionsabail na comhréireachta agus na deimhneachta dlíthiúla

44 Áitíonn na hiarratasóirí, go bunúsach, fiú mura bhfuil foclaíocht Airteagal 215 CFAE teorantach, nach mór í a léiriú go docht agus nach féidir leis an gComhairle oibleagáidí dearfacha a fhorchur ar dhaoine a ngearrtar pionós orthu ar bhonn na forála sin. Is cineál pionóis í an oibleagáid substaint a sócmhainní a nochtadh agus ní 'beart sriantach' í de réir bhrí Airteagal 215 CFAE. Thairis sin, fiú dá mbeadh an Chomhairle in ann oibleagáidí dearfacha a fhorchur, sháródh na hoibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar atá i gceist a dlínse *ratione materiae*.

45 Ina theannta sin, áitíonn siad go gcuireann na hoibleagáidí atá i gceist isteach ar phríobháideachas, iomarcach agus éiginnte, ós rud é go bhfuil siad bunaithe ar théarmaí doiléire agus neamhshainithe. Bheadh raon feidhme seach-chríochach acu freisin.

46 Déanann an Chomhairle, le tacaíocht ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún, na hargóintí sin a dhíospóid.

47 Ba cheart a mheabhrú, faoin dara fomhír d'Airteagal 24(1) CAE, go bhfuil an comhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) faoi réir rialacha agus nósanna imeachta sonracha agus go '[nd]éanfaidh an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh d'aon toil, é a shainiú, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna Conarthaí'. Ina theannta sin, cuireann an tArdionadaí agus na Ballstáit an beartas sin chun feidhme, i gcomhréir leis na Conarthaí. De bhun Airteagal 29 CAE, '[g]lacfaidh an Chomhairle cinntí lena saineofar cur chuige an Aontais faoi ábhar áirithe de chineál geografach nó téamúil'.

48 Glactar bearta sriantacha, faoi chuimsiú CBES, le cinneadh ón gComhairle arna ghlacadh d'aon toil ar bhonn Airteagal 29 CAE agus déantar iad a chur chun feidhme, faoi chuimsiú CFAE, trí bhíthin Rialachán arna ghlacadh de bhun Airteagal 215 CFAE ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, ar thogra comhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún. Ar an gcéad dul síos, tagraíonn Airteagal 215(1) CFAE do ghlacadh na Comhairle maidir leis na bearta is gá chun an caidreamh eacnamaíoch agus airgeadais le tríú tír amháin nó níos mó a bhriseadh nó a laghdú, go páirteach nó go hiomlán, dá bhforáiltear le cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V CAE. Ar an dara dul síos, faoi Airteagal 215(2) CFAE nuair a fhorálfar amhlaidh le cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal V CAE, féadfaidh an Chomhairle bearta sriantacha a ghlacadh faoin nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 in aghaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, in aghaidh grúpaí nó in aghaidh eintitis neamhstáit.

49 De réir an chásdlí, is léir ó Airteagail 24 agus 29 CAE, mar riail ghinearálta, go bhfuil sé beartaithe ag an gComhairle ábhar na mbeart sriantach arna nglacadh ag an Aontas i réimse CBES a shainiú, ag gníomhú di d'aon toil. I bhfianaise raon feidhme leathan aidhmeanna agus chuspóirí CBES, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 3(5) CAE agus in Airteagal 21 CAE agus sna forálacha sonracha a bhaineann le CBES, go háirithe Airteagail 23 agus 24 CAE, tá lánrogha leathan ag an gComhairle maidir leis an ábhar sin a shainiú (breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 88).

50 Maidir le hAirteagal 215 CFAE, lena mbunaítear nasc idir cuspóirí CAE i réimse CBES agus gníomhaíochtaí an Aontais a bhaineann le bearta eacnamaíocha faoi CFAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 19 Iúil 2012, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, C-130/10, EU:C:2012:472, mír 59), ceadaíonn sé don Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, reachtaíocht a ghlacadh ar thogra comhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún, chun éifeacht a thabhairt do bhearta

sriantacha i gcás ina dtagann bearta den sórt sin faoi raon feidhme CFAE agus, go háirithe, chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach iad sna Ballstáit uile (breithiúnas 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 89).

51 Dá bhrí sin, leagtar síos le cinntí arna nglacadh ar bhonn Airteagal 29 CAE seasamh an Aontais maidir leis na bearta sriantacha atá le glacadh, cé go mbaineann reachtaíocht arna glacadh ar bhonn Airteagal 215 CFAE, i bhfianaise a gcuspóirí agus a n-ábhar, leis na cinntí sin agus gurb ionann iad agus an ionstraim chun éifeacht a thabhairt dóibh ar leibhéal an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Iúil 2012, *an Pharlaimin*t v *an Chomhairle*, C-130/10, EU:C:2012:472, míreanna 72 agus 76, agus an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 90).

52 Sa chás seo, glacadh na forálacha atá faoi chonspóid ar bhonn Airteagal 215 CFAE, agus go háirithe Airteagal 215(2) CFAE, mar a d'admhaigh na páirtithe sna príomhimeachtaí.

53 Ba cheart a mheabhrú, de réir aithris 5 den Rialachán atá faoi chonspóid, gur glacadh na forálacha atá faoi chonspóid chun 'castacht mhéadaitheach na scéimeanna um smachtbhannaí a sheachaint, a chuireann bac [ar chur] chun feidhme [na mbeart sriantach]' a leigheas. Dá bhrí sin, d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach an Rialacháin sin a áirithiú, chuir an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá 'a chur d'oibleagáid ar dhaoine agus eintitis ainmnithe a bhfuil sócmhainní acu laistigh de dhlínse an Aontais na sócmhainní sin a thuairisciú agus oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil i bhfíorú an tuairiscithe sin'.

54 I ndáil leis sin, chuir an Chomhairle in iúl, ar an gcéad dul síos, i gcomparáid le córais na mbeart sriantach a cuireadh chun feidhme i bhfianaise na staide i dtíortha eile, nach raibh líon na ndaoine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha a glacadh faoin gcóras a bhaineann leis an staid san Úcráin chomh mór sin riamh agus, ar an dara dul síos, go ndeachthas timpeall ar na bearta sriantacha sin nó gur sáraíodh iad fiú chun a gcur i bhfeidhm éifeachtach a sheachaint. Thairis sin, mar is léir ón bplé a rinneadh ag an éisteacht, ba é ba chúis le glacadh na n-oibleagáidí atá i gceist ná nach raibh ach líon beag Ballstát tar éis forálacha náisiúnta a ghlacadh roimhe sin lena leagtar síos oibleagáidí den sórt sin, go háirithe an oibleagáid tuairiscithe.

55 Dá bhrí sin, bunaíodh na forálacha atá faoi chonspóid, sa chás seo, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Rialachán Uimh. 269/2014 a áirithiú ar fud an Aontais agus chun straitéisí maidir le dul timpeall na mbeart sriantach a chur ó rath, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe, trí dhul ar iontaoibh córais chasta dlí agus airgeadais.

56 Dá bhrí sin, ní bearta sriantacha iontu féin iad, ach bearta a bhaineann le Cinneadh 2014/145 a mhéid is féidir leo cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach na mbeart sriantach dá bhforáiltear sa Chinneadh sin a áirithiú ar leibhéal an Aontais.

57 Dá bhrí sin, bhí sé de cheart ag an gComhairle na forálacha atá faoi chonspóid a ghlacadh ar bhonn Airteagal 215 CFAE.

58 Níl an cinneadh sin neamhbhailí mar gheall ar argóintí na n-iarratasóirí.

59 Ar an gcéad dul síos, áitíonn na hiarratasóirí nach féidir leis an gComhairle oibleagáidí dearfacha a fhorchur ar dhaoine a ngearrtar pionós orthu ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE.

60 Mar sin féin, fiú amháin más rud é, mar a áitíonn na hiarratasóirí, nach bhfuil saoirse gan teorainn ag an gComhairle aon bhearta is mian léi a fhorchur i réimse CBES, níl Airteagal 215 CFAE uileghabhálach, mar a ghlacann na hiarratasóirí leis. Ní bheidh sé mar thoradh ar an tagairt do bhearta sriantacha in Airteagal 215(2) CFAE go ndéanfar na bearta dá bhforáiltear san fhoráil sin a theorannú d'oibleagáidí gan é sin a dhéanamh. Mar a tugadh faoi deara i mír 50 den bhreithiúnas seo, is é is cuspóir don fhoráil sin a chur ar chumas na Comhairle cinneadh arna ghlacadh i réimse CBES a chur chun feidhme chun a chur i bhfeidhm aonfhoirmeach sna Ballstáit uile a áirithiú. Dá bhrí sin, cé go bhfuil bearta toirmisc nó teorainneacha mar shaintréith de bhearta sriantacha, i bprionsabal, is amhlaidh fós go bhféadfadh oibleagáidí chun é sin a dhéanamh a bheith i gceist lena gcur chun feidhme, amhail na hoibleagáidí sa chás seo, nach féidir a eisiamh mar phrionsabal ar an bhforas amháin gur oibleagáidí dearfacha iad.

61 Ar an dara dul síos, ní mór diúltú do mhaíomh na n-iarratasóirí gur cineál pionóis iad na forálacha atá faoi chonspóid, go háirithe an oibleagáid comhsheasmhacht a gcuid sócmhainní a nochtadh, agus nach beart sriantach iad.

62 Ar thaobh amháin, is léir ó mhíreanna 52 go 57 den bhreithiúnas seo go bhforchuirtear leis na forálacha atá faoi chonspóid oibleagáid tuairisc a thabhairt ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha agus oibleagáid maidir le comhar, nach pionóis iad, ach bearta arb é is cuspóir dóibh bearta sriantacha a chur chun feidhme maidir le reo na gcistí. Ar an taobh eile, ní fhorchuirtear pionóis leis na forálacha sin iontu féin. Admhaítear, mar a chuireann na hiarratasóirí in iúl, foráiltear le hAirteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, go meastar mainneachtain na n-oibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar a chomhlíonadh mar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta maidir le reo na gcistí, a bhfuil rannpháirtíocht toirmiscthe le hAirteagal 9(1). Mar sin féin, tugtar sainmhíniú dlíthiúil leis an bhforáil sin ar mhainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, gan aon phionóis a thabhairt isteach.

63 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint na n-iarratasóirí gur cineál pionóis iad na forálacha atá faoi chonspóid.

64 Ar an tríú dul síos, mar a chuir na hiarratasóirí in iúl, tá na hoibleagáidí sin úrnua ina leith, mar a luadh ag an éisteacht.

65 Mar sin féin, ceadaítear le hAirteagal 215(2) CFAE don Chomhairle oibleagáidí dearfacha den sórt sin a ghlacadh, fiú oibleagáidí úrnua ina leith, a mhéid a bhaineann siad leis na bearta sriantacha a bhfuil na hiarratasóirí faoina réir, a mhéid is féidir leo éifeacht a thabhairt do bhearta den sórt sin sna Ballstáit uile chun cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach iad a áirithiú i staid, mar atá sa chás seo, arb é is príomhthréith di castacht mhéadaitheach na scéimeanna lena gcuirtear ar chumas na ndaoine agus na n-eintiteas a ndírítear orthu leis na bearta sriantacha sin pionóis a sheachaint.

66 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach pionóis iad na forálacha atá faoi chonspóid, ach bearta lena n-áirithítear cur chun feidhme beart sriantach, a glacadh i gceart ar bhonn Airteagal 215(2) CFAE. Dá bhrí sin, tá na hiarratasóirí mícheart a mhaíomh nach bhfuil dlínse *ratione materiae* ag an gComhairle, ar bhonn na forála sin, chun na hoibleagáidí atá i gceist a ghlacadh.

67 Ar an gceathrú dul síos, maíonn na hiarratasóirí go gcuireann na hoibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar atá i gceist isteach ar an bpríobháideachas, a bhfuil na sócmhainní ina gcuid riachtanach de, agus go bhfuil siad iomarcach toisc go dtéann siad 'níos faide ná sócmhainní na

ndaoine a ngearrtar pionóis orthu'. Áitíonn siad freisin nach féidir leis an gcuspóir, chun a áirithiú go bhfuil bearta sriantacha éifeachtacha, údar a thabhairt d'oibleagáidí den sórt sin a fhorchur ar na daoine atá faoi réir na mbeart sin.

68 Ní mór a mheabhrú nach cearta iomlána iad na cearta bunúsacha agus go bhfhéadfadh a bhfeidhmiú a bheith faoi réir srianta a bhfuil údar leo de bharr cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas, ar choinníoll go bhfreagraíonn na srianta sin go héifeachtach do na cuspóirí leasa ghinearálta sin agus, i ndáil leis an aidhm atá á saothrú, nach ionann iad agus cur isteach díréireach agus dofhulaingthe a dhéanann dochar do shubstaint na gceart a ráthaítear (breithiúnais an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 148 agus an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, mír 220).

69 Chun dlí an Aontais a chomhlíonadh, ní mór foráil dlí a dhéanamh maidir le sárú ar na cearta bunúsacha atá i gceist, bunbhrí na gceart sin a urramú, cuspóir leasa ghinearálta arna aithint amhlaidh ag an Aontas a shaothrú agus gan bheith díréireach (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Iúil 2022, *RT France* v *an Chomhairle*, T-125/22, EU:T:2022:483, míreanna 145 agus 222 agus an cásdlí dá dtagraítear).

70 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, déantar na hoibleagáidí atá i gceist 'a fhoráil sa dlí', ós rud é go bhfuil siad leagtha amach sa Rialachán atá faoi chonspóid, le bunús dlí soiléir i ndlí an Aontais, eadhon Airteagal 215 CFAE, agus intuarthacht leordhóthanach.

71 Ar an dara dul síos, tá na hoibleagáidí atá i gceist, atá teoranta do chistí nó d'acmhainní eacnamaíocha faoi dhlínse Bhallstáit, ina gceangal ar na hiarratasóirí ar an bhforas go bhfuil a n-ainmneacha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, agus, tríd an méid sin a dhéanamh, go bhfuil siad faoi réir bearta maidir le reo na gcistí. Ós rud é gur beart sealadach, in-aisiompaithe é a n-ainmneacha a chur isteach agus go ndéantar faireachán leanúnach air, is oibleagáidí sealadacha in-aisiompaithe iad na hoibleagáidí atá i gceist, a bhfuil baint acu lena n-ainmneacha a chur isteach. Dá réir sin, ní mór a mheas nach gcuireann na hoibleagáidí sin isteach ar bhunbhrí an chirt chun príobháideachais ar a bhfuiltear ag brath.

72 Ar an tríú dul síos, is é is cuspóir do na bearta sriantacha ná na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí Chónaidhm na Rúise lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine a mhéadú, chun réiteach síochánta ar an ngéarchéim a chur chun cinn agus chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chaomhnú, i gcomhréir le cuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a leagtar amach in Airteagal 21 CAE. Sa chomhthéacs sin, is é cuspóir na n-oibleagáidí atá i gceist go mbeifear in ann cistí agus acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha a shainaithint agus, ar an gcaoi sin, na bearta sin a chur chun feidhme go héifeachtach agus go haonfhoirmeach, ar cuspóir é atá mar chuid de chuspóir níos ginearálta na mbeart sriantach. Dá bhrí sin, tá tábhacht na gcuspóirí atá á saothrú de chineál lena dtugtar údar le hiarmhairtí diúltacha a eascraíonn as cur isteach ar an gceart chun príobháideachais a líomhnaíonn na hiarratasóirí.

73 Ar an gceathrú dul síos, maidir le cibé an bhfuil na hoibleagáidí atá i gceist iomchuí agus riachtanach, ní mór a thabhairt faoi deara, mar a áitíonn an Chomhairle, Ríocht na Beilge, Poblacht na Laitvia agus an Coimisiún, go raibh údar le socruithe nua chun bearta sriantacha a chur chun feidhme mar gheall ar an ngá atá le héifeachtúlacht agus cur i bhfeidhm aonfhoirmeach córas na mbeart sriantach a bhaineann leis an staid san Úcráin a áirithiú, go háirithe i bhfianaise imchéimniú na mbeart sriantach mar thoradh ar chórais le castacht

mhéadaitheach a bhunú. I ndáil leis an méid sin, tagraíonn an Chomhairle don iliomad bealaí imchéimniúcháin, trí bhíthin sócmhainní arna gceilt ag baill teaghlaigh, cuideachtaí caocha nó ainmnithe. Chuir an Coimisiún i dtreis freisin a thromchúisí atá an staid san Úcráin, na rioscaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát agus go bhfuil cion ag córas na mbeart sriantach i gcoinne Chónaidhm na Rúise nach raibh ag aon chóras eile, agus líon na ndaoine agus na n-eintiteas a ndírítear orthu leis na bearta sin, méid na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha a bhaineann leis na bearta maidir le reo na gcistí agus castacht mhéadaitheach na socruithe dlíthiúla agus airgeadais trína gcoinnítear nó trína rialaítear na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha sin á gcur san áireamh, rud a fhágann go bhfuil sé thar a bheith deacair do na húdaráis náisiúnta inniúla iad a shainaithint. Thairis sin, níor léirigh na hiarratasóirí go bhféadfaí bearta malartacha nach bhfuil chomh sriantach céanna a dhéanamh, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach ar bhealach chomh héifeachtach céanna. Dealraíonn sé, dá bhrí sin, gurb iad na hoibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar atá i gceist an cur chun feidhme iomchuí agus riachtanach reo na gcistí.

74 Go háirithe, maidir le cineál comhréireach na n-oibleagáidí atá i gceist, léiríonn cothromú na leasanna iomaíocha nach bhfuil na míbhuntáistí tromchúiseacha do na hiarratasóirí mar sin féin neamhréireach leis na cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú, mar a mheabhraítear i mír 72 thuas. I bhfianaise phríomhthábhacht na gcuspóirí sin atá á saothrú leis na bearta sriantacha agus ós rud é go bhfuil na hoibleagáidí atá faoi dhíospóid de chineál lena n-áirithítear cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach na mbeart sin, ní féidir a mheas go bhfuil an cur isteach líomhnaithe ar príobháideachas na n-iarratasóirí díréireach.

75 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí maidir le cineál díréireach na n-oibleagáidí atá i gceist, go háirithe maidir lena bpríobháideachais.

76 Ar deireadh, maidir le maíomh na n-iarratasóirí go bhfuil na hoibleagáidí atá faoi chonspóid iomarcach toisc go dtéann siad thar shócmhainní na ndaoine a ngearrtar pionóis orthu, ní mór a lua nach bhfuil bunús leis ar shlí eile agus nach mór, dá bhrí sin, diúltú dó.

77 Ar an gcúigiú dul síos, maíonn na hiarratasóirí go sáraíonn na hoibleagáidí atá faoi chonspóid prionsabal na deimhneachta dlíthiúla ar an bhforas go bhfuil siad bunaithe ar théarmaí doiléire agus neamhshainithe, go háirithe maidir le raon feidhme an choincheapa 'rialú'.

78 Ba cheart a mheabhrú go gciallaíonn prionsabal na deimhneachta dlíthiúla nach mór reachtaíocht an Aontais a bheith soiléir agus beacht agus nach mór a cur i bhfeidhm a bheith intuartha dóibh siúd go léir lena mbaineann (breithiúnas an 5 Márta 2015, *Europäisch-Iranische Handelsbank* v *an Chomhairle*, C-585/13 P, EU:C:2015:145, mír 93; féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Samhain 2023, *OT* v *an Chomhairle*, T-193/22, EU:T:2023:716, mír 42).

79 Sa chás seo, ní mór do na daoine atá faoi réir reo na gcistí, de réir Airteagal 9(2)(a) de Rialachán Uimh. 269/2014, 'cistí nó sócmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leis iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, [a thuairisciú] d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na sócmhainní eacnamaíocha sin lonnaithe'.

80 Ní cosúil go bhfuil úsáid na gcoincheap maidir le bheith faoina úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú i bhforálacha Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, chomh débhríoch sin nach ligfeadh sé do dhaoine atá faoi réir bearta maidir le reo na gcistí a bheith in ann aon amhras maidir le raon feidhme nó brí na gcoincheap sin a réiteach le cinnteacht leordhóthanach. I ndáil leis sin, maidir le cuideachtaí agus i gcomhthéacs sonrach na mbeart sriantach, measadh cheana

féin, dá bhrí sin, go bhféadfaí cuideachta a aicmiú mar ‘chuideachta atá faoi úinéireacht nó faoi rialú eintitis eile’, ós rud é go bhfuil sí i staid ina bhfuil an t-eintiteas eile sin in ann tionchar a imirt ar a roghanna, fiú in éagmais aon nasc dlíthiúil, úinéireacht nó scairsheilbh sa chaipiteal, idir ceachtar den dá eintiteas eacnamaíocha sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2019, *HTTS* v *an Coimisiún*, C-123/18 P, EU:C:2019:694, mír 75).

81 Dá bhrí sin, leis an tagairt in Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, do na coincheapa a bhaineann le cistí nó acmhainní eacnamaíocha a bheith faoina úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, léirítear ar bhealach atá soiléir agus sothuigthe go leor cad a chumhdaítear leis na coincheapa sin, ionas go mbeidh na daoine lena mbaineann in ann an oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh.

82 Ar an séú dul síos, áitíonn na hiarratasóirí go bhfuil raon feidhme seach-chríochach ag na hoibleagáidí atá i gceist, ós rud é go bhféadfaí duine atá faoi réir bearta sriantacha agus atá lasmuigh den Aontas faoi a ionchúiseamh mura bhfreagraíonn sé ceist ó údarás náisiúnta.

83 Ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, go gceanglaítear ar na hiarratasóirí, ar an gcéad dul síos, a gcistí nó a n-acmhainní eacnamaíocha faoi dhlínse Bhallstáit a thuairisciú d’údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin lonnaithe agus, ar an dara dul síos, comhoibriú leis an údarás sin chun an fhaisnéis a fhíorú. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear sócmhainní lasmuigh de dhlínse Bhallstáit leis na hoibleagáidí sin. Ina theannta sin, maidir le daoine lasmuigh den Aontas, ní chumhdaítear ach a sócmhainní atá lonnaithe i gcríoch an Aontais, ar nasc leordhóthanach é leis an Aontas. Dá réir sin, ní mór diúltú don argóint atá bunaithe ar raon feidhme seach-chríochach na n-oibleagáidí atá i gceist.

84 Leanann sé ón méid sin go léir roimhe seo nach féidir anailís a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá i gceist mar bhearta sriantacha, ach mar bhearta ar dóigh dóibh cur chun feidhme na mbeart sriantach a chuirtear i bhfeidhm ar na hiarratasóirí a áirithiú. Dá bhrí sin, ag féachaint don chomhthéacs agus don chuspóir maidir le héifeachtacht na mbeart sin a áirithiú, níor thug an Chomhairle neamhaird ar mhéid a dlínse *ratione materiae*, ar phrionsabal na comhréireachta ná ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla trí na forálacha atá faoi chonspóid a ghlacadh.

85 Mar sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí toisc í a bheith gan bhunús.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear easpa bunús dlí agus sárú ar Airteagail 4, 5, 25 agus 40 CAE agus ar Airteagail 3, 4, 82, 83 agus 215 CFAE, ar an bhforas go ndearnadh reachtóir coiriúil den Chomhairle

86 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagraíonn foclaíocht an dara saincheist dlí don easpa bunús dlí do na forálacha atá faoi chonspóid. Mar sin féin, leanann sé ón scrúdú ar an gcéad saincheist dlí gurb é Airteagal 215 CFAE an bunús dlí ábhartha do na forálacha atá faoi chonspóid sa chás seo. Dá bhrí sin, ní mór diúltú don argóint sin a bhaineann le heaspa bunús dlí do na forálacha atá faoi chonspóid.

87 Maidir leis an gcuid eile den dara saincheist dlí, cé go dtagraíonn na hiarratasóirí do shárú ar fhorálacha éagsúla CAE agus CFAE, féachann a n-argóintí, go bunúsach, lena léiriú, trí na forálacha atá faoi chonspóid a ghlacadh, cé go raibh a fhios aici go raibh 25 de na 27 mBallstát ag gearradh pionóis choiriúla ar imchéimniú pionós, go ndearnadh reachtóir coiriúil den Chomhairle, cé go dtagann an dlínse sin faoi na Ballstáit.

88 Déanann an Chomhairle, le tacaíocht ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht na Laitvia agus ón gCoimisiún, na hargóintí sin a dhíospóid.

89 Ba cheart a mheabhrú, a mhéid a bhaineann le gníomhartha arna nglacadh ar bhonn foráil a bhaineann le CBES, gur faoi bhreithiúnacht an Aontais atá sé a áirithiú, *inter alia*, faoi Airteagal 40 CAE agus faoin gcéad abairt den dara mír d'Airteagal 275 CFAE, nach ndéanann cur chun feidhme an bheartais sin difear do chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus do raon chumhachtaí na n-institiúidí faoi seach a leagtar síos sna Conarthaí chun inniúlachtaí an Aontais faoi CFAE a fheidhmiú (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2017, *Rosneft*, C-72/15, EU:C:2017:236, mír 85 agus an cásdlí dá dtagraítear).

90 Sa chás seo, bunaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, na hoibleagáidí tuairiscithe agus maidir le comhar atá i gceist. Foráiltear le hAirteagal 9(3) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, go measfar gur rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh dul timpeall ar na bearta sriantacha mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. I ndáil leis sin, tagraíonn sí d'Airteagal 9(1) den Rialachán sin, lena dtoirmeascfar rannpháirtíocht, go feasach agus d'aon turas, i ngníomhaíochtaí imchéimnithe den sórt sin.

91 Ní féidir a mheas go leagtar síos forálacha coiriúla leis na forálacha sin, fiú agus é á chur san áireamh, mar a chuireann na hiarratasóirí in iúl, tráth a glacadh an Rialachán atá faoi chonspóid, go raibh formhór na mBallstát ag gearradh pionóis choiriúla ar imchéimniú na mbeart sriantach.

92 I ndáil leis sin, cuireann na hiarratasóirí in iúl, mar is léir ón togra ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2022 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a chur leis na réimsí coireachta a leagtar amach in Airteagal 83(1) [CFAE] (COM (2022) 247 final), go raibh an Chomhairle ar an eolas gur gearradh pionós coiriúil ar imchéimniú pionós i ngach Ballstát seachas dhá cheann acu. Ní féidir a bhaint de thátal ón imthoisc sin, áfach, gur chuir an Chomhairle d'oibleagáid ar na Ballstáit, trí na forálacha atá faoi chonspóid a ghlacadh, pionós coiriúil a ghearradh ar imchéimniú reo na gcistí. Ós rud é, sna Ballstáit lena ngearrtar pionós ar imchéimniú na mbeart sriantach cheana féin, gur phionóis choiriúla, dá bhrí sin, iad na pionóis a chuirtear i bhfeidhm i gcás sáruithe ar an dá oibleagáid, ní eascraíonn siad ó na forálacha atá faoi chonspóid, ach ó rogha na mBallstát maidir le pionóis.

93 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don argóint gur ghlac an Chomhairle, trí na forálacha atá faoi chonspóid a ghlacadh, oibleagáidí a thagann faoi ábhair choiriúla ar leibhéal an Aontais agus, ar an gcaoi sin, gur bhunaigh sí í féin mar reachtóir coiriúil.

94 Ní athraítear an cinneadh sin trí Airteagal 9 de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, agus Airteagal 15 den Rialachán sin a léamh le chéile. Leanann sé ó Airteagal 15(1) den Rialachán sin gurb iad na Ballstáit a dhéanfaidh na rialacha a bhaineann le pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Dá bhrí sin, i gcás mhainneachtain na hoibleagáidí atá i gceist a chomhlíonadh, ar a dtugtar imchéimniú na mbeart sriantach, is faoi dhlínse na mBallstát i gcónaí atá sé na rialacha a bhaineann le pionóis, 'lena n-áirítear pionóis choiriúla de réir mar is iomchuí' (Airteagal 15(1) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú), a chinneadh. Ina theannta sin, tá an oibleagáid a fhorchuirtear ar na Ballstáit rialacha a bhaineann le pionóis a ghlacadh i gcás mhainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh nasctha, de réir a chuspóirí agus a ábhair, le Cinneadh 2014/145, ós rud é go bhféachann sé le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na

mbeart sriantach dá bhforáiltear leis an gcinneadh sin a dhéanamh éifeachtach. Thairis sin, fágann forálacha Airteagal 15 den Rialachán sin saoirse ag na húdaráis náisiúnta a roghnú cé acu atá nó nach bhfuil an pionós a ghabhann le sáruithe ar an Rialachán sin de chineál coiriúil.

95 Ar deireadh, ní athraítear an cinneadh sin ach oiread nuair a glacadh, an 28 Samhain 2022, Cinneadh (AE) 2022/2332 ón gComhairle maidir le sárú ar bhearta sriantacha an Aontais a shainaithint mar réimse coireachta a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 83(1) [CFAE] (IO 2022 L 308, lch. 18), nó nuair a ghlac an Coimisiún, an 2 Nollaig 2022, an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais (COM(2022) 684 final). Seachas nár glacadh an cinneadh sin agus an togra sin ar an 21 Iúil 2022, an dáta ar glacadh na forálacha atá faoi chonspóid, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an cur chuige reachtach sin atá dírithe ar dhlí coiriúil na mBallstát a chomhchuibhiú éagsúil go beacht le cur chuige an Rialacháin atá faoi chonspóid sa chás seo, bunaithe ar Airteagal 215(2) CFAE, nach bhfuil beartaithe ach cur chun feidhme éifeachtach agus aonfhoirmeach Rialachán Uimh. 269/2014 a áirithiú. Murab ionann agus treoir lena sainmhínítear cionta coiriúla agus pionóis choiriúla i gcás imchéimniú na mbeart sriantach, arna glacadh ar bhonn Airteagal 83(1) CFAE, atá ina ceangal ar na Ballstáit is faighteoirí maidir leis an toradh atá le baint amach in ábhair choiriúla, leis na rialacha a bhaineann le pionóis a leagtar síos in Airteagal 15(1) de Rialachán Uimh. 269/2014, arna leasú, fágtar saoirse rogha ag na Ballstáit maidir le cineál coiriúil, riaracháin nó sibhialta na bpionós atá le glacadh i gcás sárú ar an toirmeasc ar dhul timpeall ar bhearta sriantacha.

96 Dá bhrí sin, ós rud é nach mbaineann na hoibleagáidí atá faoi dhíospóid le hábhair choiriúla, ní féidir an Chomhairle a cháineadh as Airteagal 83 CFAE a shárú, agus mar thoradh air sin, contrártha leis an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, níor sháraigh an Chomhairle Airteagal 40 CAE ach oiread.

97 Is léir ón méid sin roimhe seo nach mór diúltú don dara saincheist dlí agus, dá bhrí sin, nach mór an chaingean a dhíbhe ina hiomláine.

Costais

98 Faoi Airteagal 134(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad sna pléadálacha. Ós rud é nár éirigh leis na hiarratasóirí, ní mór a ordú dóibh a gcostais féin a íoc, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gComhairle, de réir an ordaithe atá á lorg aici.

99 Faoi Airteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, íocfaidh na Ballstáit agus na hinstitiúidí a rinne idiragairt sna himeachtaí as a gcostais féin. Dá bhrí sin, ní mór do Ríocht na Beilge, do Phoblacht na Laitvia agus don Choimisiún a gcostais féin a íoc.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus rialaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Mór-Dhlísheomra)

mar seo a leanas:

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Mikhail Fridman, Petr Aven agus German Khan a gcostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh, a íoc.

3. Ordaítear do Ríocht na Beilge, do Phoblacht na Laitvia agus don Choimisiún a gcostais féin a íoc.

Van der Woude	Papasavvas	Spielmann
Costeira	Kowalik-Bańczyk	Gervasoni
Madise	Półtorak	Brkan
Gâlea	Dimitrakopoulos	Kukovec
Kingston	Tóth	Kalėda

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 11 Meán Fómhair 2024.

[Sínithe]